Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Márta 2024
(OR. en)

7577/24

LIMITE

JUR 141
COMAR 5
ENV 269
COJUR 25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0353(NLE)**

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige**
**maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí**
**i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] IO …, …, lch ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle[2], d'fhormheas an Comhphobal Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de i ndáil leis na hábhair sin a rialaíonn sé agus ar aistrigh a Bhallstáit inniúlacht ina leith chuig an gComhphobal. Go dtí seo, is é an tAontas an t-aon eagraíocht idirnáisiúnta ar Páirtí é i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige de réir bhrí Airteagal 305(1)(f) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Airteagal 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis.

(2) Glacadh an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('an Comhaontú'),i Nua-Eabhrac an 19 Meitheamh 2023.

(3) Sna conclúidí uaithi an 20 Iúil 2023, thug an Chomhairle dá haire go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta don Comhaontú a dhaingniú agus a chur chun feidhme go pras agus thathantaigh sí ar na Stáit uile déanamh amhlaidh.

(4) Tá sé d'aidhm ag an Aontas agus a Bhallstáit an Comhaontú a dhaingniú roimh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin a bheidh ar siúil in 2025.

[2] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 lena bhformheastar go dtabharfaidh an Comhphobal Eorpach i gcrích Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).



PUBLIC

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/1974 ón gComhairle[3], síníodh an Comhaontú an 20 Meán Fómhair 2023, thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) De bhun Airteagal 66 den Chomhaontú, tá an Comhaontú faoi réir a dhaingnithe, a fhormheasa nó a ghlactha ag na Stáit agus ag eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, ar nós an Aontais.

(7) Tá an Comhaontú i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), eadhon: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; sláinte an duine a chosaint; acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach; agus bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

(8) Níor cheart an Cinneadh seo a léirmhíniú mar úsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá ag an Aontas a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir le réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú a thagann faoi inniúlacht chomhroinnte. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Comhaontú difear do rialacha comhchoiteanna nó nach n-athraíonn sé a raon feidhme, lena n-áirítear an fhorbairt a dhéanfar orthu san am atá le teacht.

---

[3] Cinneadh (AE) 2023/1974 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (IO L 235, 25.9.2023, lch. 1).



PUBLIC

(9) Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an Aontas gan dochar d'inniúlacht na mBallstát maidir leis an gComhaontú a dhaingniú, a fhormheas nó a ghlacadh.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 67(1) den Chomhaontú, rinneadh cód iompair lena leagtar síos socruithe inmheánacha idir an tAontas agus a Bhallstáit lena léirítear a bhfreagrachtaí faoi seach maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí agus feidhmiú na gceart faoin gComhaontú a tharraingt suas idir an Chomhairle, na Ballstáit agus an Coimisiún agus tá feidhm le bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Leis na socruithe sin, cuirtear san áireamh go cuí leasanna dlisteanacha an Aontais agus a Bhallstát laistigh dá réimsí inniúlachtaí faoi seach, agus urraim chuí á tabhairt dá gcearta agus dá n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 67(2) den Chomhaontú, tá an tAontas le dearbhú ina ionstraim formheasa méid a inniúlachta maidir le hábhair a rialaítear leis an gComhaontú ('an Dearbhú Inniúlachta').

(12) De bhun Airteagal 70 den Chomhaontú i gcomhar le hAirteagal 10(1) de, ba cheart don Aontas eisceacht a dhéanamh chun na héifeachtaí cúlghabhálacha a eisiamh mar a leagtar amach sa dara habairt d'Airteagal 10(1) den Chomhaontú ('an Eisceacht maidir le neamh aisghníomhaíocht'). Dá bhrí sin, níor cheart feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe, don Aontas, ach amháin maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bhaileofar agus a ghinfear tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe i gcás an Aontais.



PUBLIC

(13) Tá an Cinneadh seo gan dochar do cheannasacht, cearta ceannasacha agus dlínse na mBallstát i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

(14) Ba cheart an Comhaontú, an Dearbhú Inniúlachta agus an Eisceacht maidir le neamh-aisghníomhaíocht, a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Leis seo, formheastar an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (‘an Comhaontú’), thar ceann an Aontais[4+].

2. Beidh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an Aontas gan dochar d’inniúlacht na mBallstát maidir leis an gComhaontú a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas.

*Airteagal 2*

Formheastar leis seo thar ceann an Aontais an Dearbhú Inniúlachta a cheanglaítear le hAirteagal 67(2) den Chomhaontú (‘an Dearbhú Inniúlachta’)[5++].

*Airteagal 3*

Glactar leis seo thar ceann an Aontais an Eisceacht maidir le neamh-aisghníomhaíocht faoi Airteagal 70 den Chomhaontú, i gcomhar le hAirteagal 10(1) de (‘an Eisceacht maidir le neamh aisghníomhaíocht’)[6+++].

---

4 Foilsítear téacs an Chomhaontaithe i … (cuir isteach tagairt IO).
\+ Toscaireachtaí/IO: féachaigí doiciméad ST 12126/23.
5 Foilsítear téacs an Dearbhuithe Inniúlachta i … (cuir isteach tagairt IO).
++ Toscaireachtaí/IO: féachaigí doiciméad ST 7586/24.
6 Foilsítear téacs an Eisceacht maidir le neamh aisghníomhaíocht i … (cuir isteach tagairt IO).
+++ Toscaireachtaí/IO: féachaigí doiciméad ST 7607/24.



PUBLIC

*Airteagal 4*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a chumhachtófar chun an ionstraim formheasa a thaisceadh, thar ceann an Aontais, dá bhforáiltear in Airteagal 66 den Chomhaontú, mar aon leis an Dearbhú Inniúlachta agus an Eisceacht maidir le neamh-aisghníomhaíocht.

PUBLIC

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*